COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil 12.3.2007
COIM(2007) 76 leagan deireanach

2007/0033 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le staidreamh ráithiúil ar fholúntais sa Chomhphobal

(arna thíolacadh ag an gCoimisiún)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1) COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Foras agus cuspóirí an togra**

Chun éilimh na n-úsáideoirí ar staidreamh folúntas a shásamh, tá sé ar intinn ag Eurostat bunús dlí a bhunú do bhailiú sonraí folúntas.

Ní mór don Choimisiún agus don Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) sonraí ráithiúla ar fholúntais a fháil go tapa chun faireachán a dhéanamh ar athruithe gearrthéarmacha ar fholúntais de réir gníomhaíochta eacnamaíochta. Áirítear folúntais i bhfoireann na bPríomhtháscairí Eacnamaíochta Eorpacha agus tá siad ag teastáil chun coinníollacha an mhargaidh shaothair san AE / limistéar EURO a mheas faoi Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA).

Tá forbairt staidrimh de cháilíocht mhaith ar fholúntais socraithe go daingean mar thosaíocht don Chomhairle. Rinne an Chomhairle Eorpach de Mhárta 2005 straitéis Lisbon a athláinseáil, ag glaoch ar ghníomhaíocht, ach go háirithe chun níos mó daoine a mhealladh isteach sa mhargadh saothair agus chun tuilleadh post a chruthú, ag neartú dá réir an gá atá le faisnéis níos fearr ar an éileamh ar shaothar. Tá an Coiste Fostaíochta tar éis táscaire structúrach folúntas a liostú chun go ndéanfar forbairt agus foilsiú air mar thomhas ar theirce an mhargaidh shaothair agus ganntanas scileanna**.**

Éilíonn an Coimisiún sonraí structúracha ar fholúntais i gcomhthéacs Straitéis Eorpach na Fostaíochta chun faireachán agus anailís a dhéanamh ar leibhéal agus structúr an éilimh shaothair agus chun ganntanas saothair, scroigeanna agus mí-oiriúintí de réir réigiúin, earnála gníomhaíochta eacnamaíochta agus slí bheatha a shainaithint mar a léirítear sna Treoracha Comhtháite do Fhorás agus do Phoist (2005-08), lena n-áirítear Treoirlínte Leathana Beartais agus Treoirlínte Fostaíochta**.**

Thairis sin, bailítear staidreamh folúntas chun críocha náisiúnta, chun cabhrú le húdaráis náisiúnta chun measúnú agus faireachán a dhéanamh ar an margadh saothair agus mar thacaíocht sa nós imeachta cinnteoireachta le haghaidh beartas don mhargadh saothair.

- **Comhthéacs ginearálta**

Tá sonraí náisiúnta ar fholúntais agus poist atá líonta á mbailiú ó 2003 i leith faoi chomhaontú oinigh. Bíodh go raibh an comhaontú seo úsáideach ar dtús, tuigtear anois nach bhfuil sé in ann riachtanais na n-úsáideoirí a shásamh. Le haghaidh an bhailiúcháin sonraí ráithiúil, níl ceanglais an BCE, i dtéarmaí cuimsiúcháin, tráthúlachta agus comhchuibhithe, ná éileamh an Choimisiúin ar shonraí structúracha á sásamh. Idir an dá linn, níl ach líon an-teoranta tíortha ag tarchur sonraí bliantúla, le leibhéal an-ilchineálach de mhionshonraí agus comparáideacht laghdaithe.

Tá bunús dlí ann lena bhforáiltear sásra chun bonn modheolaíochta comparáideach le haghaidh foireann staidrimh gearrthéarmach agus structúrach a chur i gcrích taobh istigh de chreat ama soiléir. Sa Tuarascáil Stádais ar Cheanglais Faisnéise san AEA, Samhain 2005, bhí Comhairle Ecofin ag iarraidh go bhforbrófai creat dlíthiúil Eorpach iomchuí. Sa bhreis ar sin, ta bunús dlí ag teastáil ó roinnt Ballstát chun a bheith in ann dul ar aghaidh leis an mbailiú sonraí ar fholúntais.

- **Forálacha atá ann cheana i réimse an togra**

Níl foráil ar bith ann i réimse an togra**.**

- **Comhsheasmhacht le beartais agus cuspóirí eile an Aontais**

Neamhbhainteach

**2) COMHAIRLIÚCHÁN LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNÚ IARMHARTA**

- **Comhairliúchán le páirtithe leasmhara**

*Modhanna comhairliúcháin, na príomhearnálacha ar díríodh orthu agus cuntas gairid ginearálta ar na freagróirí*

Seoladh comhairliúchán scríofa agus pléití i ngrúpaí oibre le toscairí údaraithe ag ionadú Bhallstáit an Chórais Staidrimh Náisiúnta i gcruinnithe Ghrúpaí Oibre an Mhargaidh Shaothair a tionóladh i nDeireadh Fómhair 2005 agus i Márta 2006.

Tíolacadh an togra le haghaidh Rialacháin don Choiste Cláir Staidrimh (CCS) i gcomhair tuairime i mBealtaine 2006. Go hachomair, chuir an SPC in iúl a thacaíocht don togra i dtaca le staidreamh ráithiúil. Bhí agúis láidre ag na Ballstáit áfach, maidir le scóp agus leibhéal mionsonraí sna miondealuithe bliantúla**.**

*Achoimre ar na bhfreagróirí agus conas mar a cuireadh san áireamh iad*

Tar éis d'SPC a thuairim a thabhairt, leasaíodh an Rialachán, go háirithe i ndáil le bailiú sonraí structúracha bliantúla, atá anois eisiata ón téacs dlíthiúil seo. Tá tacaíocht ghinearálta á tabhairt don togra leasaithe le haghaidh Rialacháin PE/Comhairle ó Ard-Stiúrthóirí na nOifigí Staidrimh Náisiúnta agus ón BCE. Chomhaontaigh na Ballstáit ar an tábhacht a bhain le creat dlíthiúil soiléir agus iomchuí a bheith ann le haghaidh bailiú sonraí folúntas ráithiúla.

Déileálfar leis an riachtanas beartais le staidreamh folúntas structúrach bliantúil sa ghearrthéarma ar bhonn chomhaontaithe oinigh. Sa mheánthéarma, agus bunaithe ar thaithí ar an rialachán maidir le sonraí ráithiúla, ba cheart macnamh a dhéanamh ar an bhféidearthacht go bhfuil rialachán ag teastáil chun déileál leis an éileamh ar shonraí bliantúla**.**

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

*Na fearainn eolaíochta/saineolais atá i gceist*

Is saineolaithe iad na hionadaithe náisiúnta a thagann le chéile sa Ghrúpa Oibre um Staidreamh do Mhargadh Saothair Eurostat agus baill an Tascfhórsa ar Fholúntais a bhfuil eolas agus taithí acu i réimse na bhfolúntas agus staidreamh an mhargaidh shaothair**.**

*An Mhodheolaiocht a úsáideadh*

Thairbhigh an doiciméad ó obair atá déanta ag an Tascfhórsa a tionscnaíodh chun bunús dlí a bhunú do staidreamh folúntas. Sa bhreis ar sin, pléadh an dréacht-thogra sa Ghrúpa Oibre um Staidreamh do Mhargadh Saothair Eurostat, áit ar glacadh le tuilleadh tráchta, go háirithe maidir le laghdú ualaigh, i.e. laghdú scóp na ngníomhaíochtaí eacnamaíochta atá le cuimsiú agus féachaint an bhféadfar foinsí breise a úsáid seachas suirbhé chun sonraí folúntas a bhailiú. Rinneadh leagan athbhreithnithe a dhréachtadh, lena n-áirítear bealaí chun an t-ualach atá ar Bhallstáit agus gnóthais a laghdú gan cur isteach ar an gcáilíocht, cosúil le húsáid foinsí riaracháin agus, i gcásanna sonracha, teorann a chur le scóp na ngníomhaíochtaí eacnamaíochta atá le cuimsiú, gan gníomhaíochtaí talamhaíochta, iascaigh ná foraoiseachta a áireamh. Maidir le tráchtanna eile a fuarthas le linn an phróisis, déanadh macnamh orthu agus chabhraigh siad le soiléiriú, scagadh agus feabhsú an téacs atá molta**.**

*Na príomheagraíochtaí/saineolaithe a ndeachthas i gcomhairle leo*

Ba ó na hAireachtaí Saothair náisiúnta agus/nó na hinstitiúidí náisiúnta staidrimh iad na saineolaithe**.**

*Achoimre ar an gcomhairle a fuarthas agus a úsáideadh*

Is éard a bhí sa chuid is mó de na moltaí ná sainmhínithe a d'fhéadfaí a úsáid, foinsí, agus tráchtaí ar fhéidearthacht na faisnéise a iarradh. Tá barúlacha na saineolaithe a bhí páirteach sa Tascfhórsa agus sa Ghrúpa Oibre le brath go hiomlán i dtéacs an togra seo le haghaidh Rialacháin**.**

*Modhanna a úsáideadh chun an chomhairle shaineolach a chur ar fáil don phobal*

Tá na miontuairiscí ina bhfuil torthaí phléití na saineolaithe sna Grúpaí Oibre agus sna Tascfhórsaí, chomh maith le doiciméid tagartha, ar fáil ar CIRCA, (riarthóir ionad acmhainní cumarsáide agus faisnéise an Choimisiúin). Déanfar amhlaidh le haon fhaisnéis ábhartha eile a thagann chun solais.

- **Anailís ar éifeachtaí agus iarmhairtí**

Tá méid áirithe roghanna le haghaidh staidrimh folúntas san Eoraip sainaitheanta.

Rogha A: Leanúint ar aghaidh le bailiú sonraí ar fholúntais faoin gcomhaontú oinigh.

Rogha B: Rialachán amháin PE/Comhairle ar staidreamh folúntas Chomhphobail a leagfaidh síos comhfhrámaíocht le haghaidh staidrimh ráithiúil agus bhliantiúil, le forbairt i dhá rialachán Coimisiúin, le sraith beart cur chun feidhme chun riachtanais sonracha a shásamh.

Rogha C: Rialachán amháin EP/Comhairle ar staidreamh folúntas ráithiúil Comhphobail agus leanúint ar aghaidh le bailiú sonraí ar staidreamh folúntas bliantúil faoin gcomhaontú oinigh.

Rogha D: Dhá thogra le haghaidh rialachán PE/Comhairle, ceann amháin le haghaidh

staidrimh folúntas ráithiúil agus ceann eile le haghaidh staidrimh folúntas bhliantúil. Leanfar gach ceann acu le rialachán feidhmiúcháin.

Mar thoradh ar an gcomhairliúchán, is é an rogha is fearr leis an gCóras Staidrimh Eorpach (CSE) ná Rogha C, is é sin rialachán amháin PE/Comhairle ar staidreamh folúntas ráithiúil Comhphobail a chomhlánfar le sonraí structúracha bliantúla arna mbailiú faoi chomhaontú oinigh. Le glacadh an achta dhlíthiúil seo ráthófaí soláthar an staidrimh ráithiúil chomhchuibhithe agus d'ardcháilíocht is gá le haghaidh comparáidí ar fud na mBallstát, ag cinntiú leanúnachta agus comhoiriúnachta i mbailiú ráithiúil sonraí. Tá an réiteach seo éifeachtach, solúbtha agus ní bheidh sé chomh tuirsiúil le Rogha B ná D. Sa bhreis ar sin, ba cheart go nglacfaí leis an rialachán níos tapúla le rogha C, toisc na Ballstáit a bheith tiomanta do shonraí ráithiúla.

Is é rogha A an staid faoi láthair. D'fhéadfaí mionfheabhsúcháin a chur i gcrích faoin mbeartas deontas, ach má leantar ar aghaidh ar bhonn deonach ní mór glacadh le laige reatha an staidrimh seo agus neamhaird a dhéanamh de riachtanas na n-úsáideoirí le bunús dlí. Thairis sin, beidh na tíortha a bhfuil rialachán ag teastáil uathu chun leanúint ar aghaidh leis na bailiúcháin eisiata go buan ón ngnó.

Tugann Rogha B freagra staidrimh níos fearr do riachtanais na n-úsáideoirí, lena n-áirítear riachtanais an Choimisiúin le haghaidh sonraí structúracha bliantúla, agus chinnteoidís comhoiriúnacht níos fearr idir staidreamh ráithiúil agus bliantúil. Ag cur san áireamh áfach, tuairimí a chuir na Ballstáit in iúl, agus na castachta agus na ndeacrachtaí a bheidh i gcur chun feidhme an rogha seo, is dócha gur próiseas thar a bheith fada agus deacair a bheidh ann chun teacht ar chomhaontú, agus ní chabhróidh sé le glacadh tapa le rialachán ar staidreamh ráithiúil.

Bheadh rogha D oiriúnach mar chur chuige mar sásaíonn sé riachtanais na n-úsáideoirí, ach tá míbhuntáistí ann i gcomparáid le Rogha C, go háirithe i dtéarmaí éifeachtúlachta agus ualaigh oibre. Ba cheart mar sin féin, athbhreithniú a dhéanamh ar an rogha seo sa mheántéarma, nuair a bheidh measúnú déanta ar an taithí le staidreamh ráithiúil.

## 3) GNÉITHE DLÍTHIÚLA AN TOGRA

- **Achoimre ar an ngníomhaíocht atá molta**

Is í aidhm an bhunúis dlí seo ná creat dlíthiúil a bhunú chun gníomhaíochtaí reatha agus gníomhaíochtaí insainaitheanta sa todhchaí i réimse an staidrimh folúntas ráithiúil a chuimsiú. Áirítear anseo, go háirithe, bailiú comhchuibhithe sonraí a chinntiú chun éileamh úsáideoirí sa réimse seo a shásamh. Urramaíonn an togra le haghaidh Rialacháin na prionsabail arna leagan amach sa Chód Cleachtais do Staidreamh Eorpach, go háirithe prionsabal na héifeachtúlachta costais, agus ní foláir bearta speisialta a thógáil chun an t-ualach ar ghnóthais agus ar Oifigí Staidrimh Náisiúnta a laghdú.

Ní foláir an Rialachán PE/Comhairle a chomhlánú le rialachán feidhmiúcháin.

- **Bunús dlí**

Soláthraíonn Airteagal 285 an bunús dlí le haghaidh staidrimh Comhphobail. Glacfaidh an Chomhairle, agus í ag gníomhú de réir nós imeachta an chomhchinnidh, bearta le

haghaidh soláthair staidrimh nuair atá sé riachtanach do fheidhmiú ghníomhaíochtaí an Chomhphobail. Leagann an tAirteagal seo amach na ceanglais maidir le soláthar staidrimh Chomhphobail agus ní mór cloí le caighdeáin na neamhchlaontachta, na hiontaofachta, na hoibeachtúlachta, an neamhspleachais eolaíochta, na heifeachtúlachta costais agus na rúndachta staidrimh.

- **Prionsabal na coimhdeachta**

Ní féidir aidhm na gníomhaíochta atá molta, is é sin soláthar staidrimh folúntas Comhphobail, a chur i gcrích go leordhóthanach ag na Ballstáit agus is féidir dá bharr í a chur i gcrích ag leibhéal Comhphobail ar bhonn achta dhlíthiúil Comhphobail, mar is é an Coimisiún amháin atá in ann an comhchuibhiú faisnéise staidrimh ag leibhéal Comhphobail a chomhordú, cé gur féidir leis na Ballstáit bailiú sonraí agus tiomsú staidrimh folúntas chomparáidigh a eagrú. Uime sin, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh de réir phrionsabal na coimhdeachta mar atá arna leagan amach in Airteagal 5 den Chonradh.

- **Prionsabal na comhréireachta**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta ar an(na) gcúis(eanna) seo a leanas.

De réir phrionsabal na comhréireachta ní dhéanfaidh an Rialachán seo ach an t-íosmhéid a cheanglaítear chun an cuspóir seo a chur i gcrích agus ní théann sé thar an méid atá riachtanach chun na críche sin.

Beidh méadú sna costais, go háirithe sa chéad chéim den chur i bhfeidhm agus go príomhúil do na tíortha sin nach bhfuil suirbhéanna folúntas á seoladh acu i láthair na huaire, agus dóibh siúd gur gá dóibh a suirbhéanna a oiriúniú do na ceanglais dlíthiúla. Mar sin féin, d'fhéadfaí na costais atá i gceist a theorannú le tacaíocht airgeadais ón gComhphobail.

Maidir le meadú an ualaigh, tá fad na hiarmharta seo á theorannú le hullmhúchán cúramach, ag urramú phrionsabal na héifeachtúlachta costais agus chur i bhfeidhm na mbeart reachtaíochta, i.e. úsáid foinsí riaracháin a shásaíonn critéir cháilíochta, eisiamh cuid de na gníomhaíochtaí eacnamaíochta atá imeallach agus an fhéidearthacht do na Ballstáit a bhfuil deacrachtaí acu le soláthar sonraí d'earnálacha sonracha áirithe agus / nó d'aonaid bheaga staidéir indéantachta a sheoladh.

- **Rogha Ionstraimí**

Na hionstraimí atá molta: Rialachán.

Ní bheadh modhanna eile iomchuí ar an (na) gcúis(eanna) seo leanas:

Admhaítear go hiondúil ag bhfuil rialachán PE/Comhairle iomchuí don chuid is mó den ghníomhaíocht staidrimh gur gá a chur i bhfeidhm go mionsonrach agus go haonfhoirmeach ar fud an Chomhphobail.

Tá rialachán níos fearr ná treoir mar acht bunúsach mar, murab ionann is treoir, leagann rialachán síos an dlí céanna ar fud an Chomhphobail, ag fágáil na mBallstát

gan aon chumhacht chun é a chur i bhfeidhm go páirteach nó go roghnach agus gan aon rogha acu maidir leis an bhfoirm nó leis na modhanna atá le húsáid chun a chuspóirí a chur i gcrích. Thairis sin, tá rialachán ina cheangal go huile agus go hiomlán, a chiallaíonn nach gá é a thrasuí sa dlí náisiúnta, ar an gcuma sin seachnaítear moilleanna a bhaineann le trasuí treoracha sa reachtaíocht náisiúnta. Tá reachtaíocht atá níos fearr agus níos tapúla mar thoradh air seo freisin.

## 4) IARMHAIRT BHUISÉADACH

Ba cheart go gcabhródh forálacha airgeadais a áirítear sa Rialachán leis na Ballstáit le linn na céime tionscnaimh chun staidreamh nua a láinseáil sa réimse seo nó chun obair atá á déanamh cheana faoin gcomhaontú oinigh a thabhairt chun críche chun cáilíocht na mbailiúchán gearrthéarma a fheabhsú agus chun riachtanais na n-úsáideoirí a shásamh.

Déanfaidh an Clár Comhphobail um fhostaíocht agus um chomhdhlúthú sóisialta an maoiniú a chumhdach – PROGRESS, arna ghlacadh ag Cinneadh 1672/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 Faoi Alt 1.Fostaíocht (Employment) déanadh trácht sonrach don fhostaíocht, do mhaoiniú na ngíomhaíochtaí ábhartha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí staidrimh, cf. "improving the understanding of the employment situation and prospects, in particular through analysis and studies and the development of statistics and common indicators within the framework of the ESS (*ag feabhsú na tuisceana ar an staid fostaíochta agus ar na hionchais, ach go háirithe trí anailís agus staidéir agus trí fhorbairt staidrimh agus comhtháscairí faoi chuimsiú an CSE)*" Déanadh meastúchán de 4.5 milliún EUR d'iarmhairt bhuiséadach na leithreasuí faoi chomhair oibleagáidí agus na leithreasuí faoi chomhair íocaíochtaí a bhaineann leis an gníomhaíochtaí seo don tréimhse 2008-10.

2007/0033 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le staidreamh ráithiúil ar fholúntais sa Chomhphobal**

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 285(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2] agus don tuairim ón mBainc Cheannais Eorpach[3],

Ag gníomhú de réir an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 251 den Chonradh,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Cláir Staidrimh,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Ina conclúidí[4] formhuinigh an Chomhairle a tionóladh sa Bhruiséil an 8 Nollaig 2003 forbairt agus foilsiú tascaire structúraigh ar fholúntais.

(2) Shainaithnigh Plean Gníomhaíochta ar Cheanglais Staidrimh an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadais (AEA)[5] agus na tuarascálacha[6] iardain ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme an phlean sin forbairt bunúis dlí a chuimsíonn folúntais mar thosaíocht.

(3) Chomhaontaigh an Coiste Fostaíochta, arna bhunú ag Cinneadh 2000/98/CE[7], ón gComhairle, go bhfuil gá le tascaire ar fholúntais chun faireachán a dhéanamh ar an Straitéis Fostaíochta Eorpach dá bhforáiltear i gCinneadh 2005/600/CE ón gComhairle an 12 Iúil 2005 maidir leis na treoirlínte do bheartas fhostaíochta na mBallstáit[8].

(4) Foráiltear i gCinneadh 1672/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2006 maidir le Clár Comhphobail um Fhostaíocht agus um

---

1 IO C […], […], lch. […].
2 IO C […], […], lch. […].
3 IO C […], […], lch. […].
4 Conclúidí na Comhairle, 15875/03.
5 Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin ar Cheanglais Staidrimh, CS/2000/11655.
6 Tuarascáil Stádais ar Cheanglais Fhaisnéise san EMU; CS/2001/13388, CS/2003/6016 agus CS/2005/13894.
7 IO L 29, 4.2.2000, lch. 21.
8 IO L 205, 6.8.2005, lch. 21.

Chomhdhlúthú Sóisialta – PROGRESS[9], le maoiniú na ngníomhaíochtaí ábhartha lena n-áirítear, mar a shonraítear ann, "feabhsú tuisceana ar an staid fostaíochta agus na hionchais, go háirithe trí anailís agus staidéir agus forbairt staidrimh agus comhtháscairí faoi chuimsiú an ESS".

(5) Tá sonraí ar fholúntais atá miondealaithe de réir gníomhaíochta eacnamaíochta, i measc saintréithe eile, ag teastáil ón gCoimisiún faoi chuimsiú na Straitéise Fostaíochta Eorpaí chun faireachán agus anailís a dhéanamh at leibhéal agus structúr an éilimh oibre.

(6) Éilíonn an Coimisiún agus an Banc Ceannais Eorpach sonraí ráithiúla tapa chun faireachán a dhéanamh ar athruithe gearrthéarmacha ar fholúntais. Éascaíonn sonraí folúntas atá oiriúnaithe go ráithiúil ciallú athruithe ráithiúla.

(7) Ba cheart do na sonraí a sholáthraítear ar fholúntais a bheith ábhartha agus iomláine san áireamh, cruinn agus cuimsiú san áireamh, tráthúil, soiléir agus sorochtana d'úsáideoirí.

(8) Ba cheart na tairbhí a bhaineann le bailiú, ag leibhéal Comhphobail, sonraí iomlána ar dheighleoga uile an gheilleagair a thomhas sa mheá i gcoinne na bhféidearthachtaí tuairiscithe agus an ualaigh freagartha ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide ach go háirithe.

(9) Chun réim an staidrimh atá le tiomsú agus an leibhéal mionsonraithe is gá do ghníomhaíocht eacnamaíochta a chinntiú, ní mór NACE, leagan den chóras coiteann rangaithe do ghníomhaíochtaí eacnamaíochta sa Chomhphobal, atá i bhfeidhm faoi láthair a úsáid.

(10) Os rud é nach féidir cuspóirí na gníomhaíochta atá molta, is é sin staidreamh folúntas Comhphobail a sholáthar, a chur i bhfeidhm go leordhóthanach ag na Ballstáit agus gur féidir ar an ábhar sin é a chur i gcrích níos fearr ag leibhéal Comhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh, de réir phrionsabal na coimhdeachta mar atá arna leagan amach in Airteagal 5 den Chonradh. De réir phrionsabal na comhréireachta, mar atá arna leagan amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo níos faide ná mar is gá chun na cuspóirí sin a chur i gcrích.

(11) I soláthar agus scaipeadh staidrimh Comhphobail faoin Rialachán seo, ba cheart do na húdaráis staidrimh náisiúnta agus Comhphobail na prionsabail arna leagan amach sa Chód Cleachtais do Staidreamh Eorpach a ghlac an Coiste Cláir Staidrimh[10] an 24 Feabhra 2005 agus a bhí iarcheangailte leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle agus a d'fhógair Moladh ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2005 ar neamhspleáchas, ar iontaofacht agus ar fhreagracht na n-údarás náisiúnta agus Comhphobail([11]) a thabhairt san áireamh.

---

9 IO L 315, 15.11.2006, lch.1.
10 IO L 181, 28.6.1989, lch. 47.
11 IO C 172, 12.7.2005, lch. 22.

(12) Soláthraíonn Rialachán (CE) Uimh. 322/97 an 17 Feabhra 1997 maidir le staidreamh Comhphobal[12] creat ginearálta agus tá feidhm aige de bhrí an méid seo leanas maidir le staidreamh folúntas.

(13) Ba cheart na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme a ghlacadh de réir Cinnidh 1999/468/EC ón gComhairle an 28 June 1999 ag leagan síos na mionsonraithe maidir le cur chun feidhme na gcumhachtaí feidhmithe arna thabhairt don Choimisiún([13]).

(14) Ba cheart ach go háirithe, an Coimisiún a chumasú chun na bearta cur chun feidhme maidir leis na fearainn dá dtagraítear in Airteagail 2, 4, 6, 7 agus 8 den Rialachán seo a ghlacadh. Ós rud é gur bearta le raon ginearálta iad seo a dearadh chun eilimintí nach bhfuil fíor-riachtanach sa Rialachán seo a leasú nó a scriosadh nó chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí heilimintí nua nach bhfuil fíorthábhachtach a chur leis, ba cheart iad a ghlacadh de réir nós imeachta rialúcháin dá bhforáiltear le scrúdan in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CEE.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar agus Réim**

1. Leagann an Rialachán seo síos na ceanglais le haghaidh soláthair rialta staidrimh ráithiúil ar fholúntais Chomhphobail.

2. Cuirfidh gach Ballstát sonraí ar fholúntais isteach chuig an gCoimisiún ar a laghad i gcás aonad gnó a bhfuil fostaí amháin nó níos mó iontu.

   Faoi réir míreanna (3) agus (4), cuimseoidh an staidreamh na gníomhaíochtaí eacnamaíochta go léir atá sainmhínithe ag an gcóras coiteann rangaithe do ghníomhaíochtaí eacnamaíochta sa Chomhphobal (NACE) atá i bhfeidhm, ach amháin gníomhaíochtaí teaghlach mar fhostóirí agus gníomhaíochtaí eagraíochtaí lasmuigh dá chríocha.

   Déanfar na sonraí a mhiondealú de réir gníomhaíochta eacnamaíochta, de réir an NACE atá i bhfeidhm ag leibhéal na hearnála.

3. Beidh an cuimsiú ar thalamhaíocht, ar fhoraoiseacht agus ar ghníomhaíochtaí iascaigh, mar a shainmhíníonn an NACE atá i bhfeidhm iad, roghnach i gcás na mBallstát nach bhfuil na gníomhaíochtaí seo ábhartha dóibh i dtéarmaí chion na fostaíochta iomláine.

   Cinnteofar an tairseach atá ceangailte le hábharthacht an chion dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11(2). Má tá sé riachtanach agus iomchuí, cuirfear na staidéir indéantachta faoi Airteagal 8 san áireamh.

---

12 IO CL 52, 22.2.1997, p.1.

13 IO L 184, 17.7.1999, lch. 23, Cinneadh mar atá arna leasú go deireanach le Cinneadh 2006/512/CE ón gComhairle an 17 Iúil 2006, IO L 200, 22.7.2006, lch.11.

4. Cinnteofar cuimsiú maidir le riarachán poiblí agus cosaint, slándáil shóisialta éigeantach, oideachas, sláinte an duine agus obair shóisialta, na healaíona, siamsaíocht agus áineas agus gníomhaíochtaí eagraíochtaí comhaltais, deisiú ríomhairí, mar a shainmhíníonn an NACE atá i bhfeidhm, lastuigh de raon feidhme an Rialacháin seo, agus maidir le haonaid le níos lú ná deichniúr fostaithe ag cur san áireamh na staidéir indéantachta atá sainmhínithe in Airteagal 8.

*Airteagal 2*

**Folúntais**

Chun críocha an Rialacháin seo, is é atá i bhfolúntas ná post atá íoctha a cruthaíodh as an nua nó nach bhfuil aon duine á líonadh nó atá ar tí a bheith le líonadh, a bhfuil an fostóir

(a) ag tógáil bearta gníomhacha agus a bhfuil réidh chun tuilleadh bearta a thógáil chun iarrthóir oiriúnach a fháil lasmuigh den fhiontar lena mbaineann, agus

(b) a bhfuil sé d'aidhm aige/aici é a líonadh láithreach nó lastuigh de thréimhse shonraithe.

Déanfar na coincheapanna 'bearta gníomhacha chun iarrthóir oiriúnach a fháil' agus 'tréimhse shonraithe' a shainmhíniú i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. Ciallaíonn 'post líonta' post íoctha lastuigh d'eagraíocht a bhfuil fostaí sannta dó.

2. Ciallaíonn meiteashonraí na míniúcháin is gá chun na hathruithe sna sonraí a thagann as athruithe modheolaíochta nó teicniúla a léiriú.

3. Ciallaíonn seansonraí na sonraí stairiúla a chuimsíonn na sonraíochtaí arna thabhairt in Airteagal 1.

*Airteagal 4*

**Dátaí tagartha agus sonraíochtaí teicniúla**

1. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí ráithiúla a thiomsú faoi threoir dátaí tagartha sonracha a chinnteofar i gcomhréir le nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

2. Soláthróidh na Ballstáit sonraí ar phoist atá líonta chun sonraí ar fholúntais chun críocha comparáideacha a chaighdeánú.

3. Beidh de cheangal ar na Ballstáit nósanna imeachta oiriúnaithe ráithiúil a chur i bhfeidhm ar na sonraí folúntas ráithiúla. Cinnteofar na nósanna imeachta oiriúnaithe ráithiúil a cheanglaítear i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11(3).

*Airteagal 5*

**Acmhainní**

1. Soláthróidh na Ballstáit na sonraí trí shuirbhéanna gnó a úsáid. Is féidir foinsí eile, cosúil le sonraí riaracháin, a úsáid ar chuntar go bhfuil siad iomchuí i dtéarmaí cáilíochta, i gcomhréir le Airteagal 7.

2. Féadfaidh na Ballstáit na foinsí dá dtagraítear i mír 1 a chomhlánú le nósanna imeachta meastúcháin sonraí.

3. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) scéimeanna samplacha a bhunú agus a chomhordú chun meastúcháin Chomhphobail a sholáthar áit nach bhfuil scéimeanna samplacha náisiúnta ag sásamh riachtanas Comhphobail i dtaca le bailiú ráithiúil sonraí. Déanfar mionsonraí na scéimeanna, a bhformheas agus a gcur i bhfeidhm a shonrú le nós imeachta arna leagan síos in Airteagal 11(3).

Féadfaidh na Ballstáit más rogha leo páirt a ghlacadh sna scéimeanna samplacha nuair is féidir lena leithéidí de scéimeanna laghdú suntasach a dhéanamh i gcostas an chórais staidrimh nó san ualach ar ghnó a ghabhann le riachtanas an Chomhphobail a shásamh.

*Airteagal 6*

**Tarchur sonraí**

1. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí agus na meiteashonraí a tharchur chuig an gCoimisiún i bhformáid agus lastuigh de spriocdhátaí a chinnteofar i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11(2). Déanfar aon athchóiriú ar na sonraí ráithiúla le haghaidh na ráithí roimhe sin a tharchur ag an am céanna.

2. Déanfaidh na Ballstáit sonraí a tharchur ar ais i gcás na gceithre ráithe roimh an ráithe atá le soláthar sa chéad sheachadadh sonraí. Déanfar na hiomláin a sheachadadh tráth nach déanaí ná an chéad tharchur sonraí, agus na miondealuithe tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis sin. Nuair is gá, féadfaidh na seansonraí a bheith bunaithe ar na 'meastúcháin is fearr'.

*Airteagal 7*

**Cáilíocht**

1. Beidh cáilíocht staidrimh na sonraí ina chuspóir bunúsach, go háirithe a n-ábharthacht lena n-áirítear iomláine, cruinneas lena n-áirítear cuimsiú, tráthúlacht, soiléire, comparáideacht agus inrochtaine, agus saothrófar é le dlúthchomhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún (Eurostat).

Sásóidh na sonraí reatha agus na cúlshonraí arna dtarchur critéir cháilíochta atá le sainmhiniú faoin nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

2. Solathróidh na Ballstáit tuarascálacha cáilíochta don Choimisiún (Eurostat). Cinnteofar uainiú, minicíocht agus ábhar na dtuarascálacha cáilíochta agus na

spriocdhátaí chun iad a chuir isteach i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

*Airteagal 8*

**Staidéir Indéantachta**

1. Leagfaidh an Coimisiún (Eurostat) amach an creat iomchuí le haghaidh bunú sraith staidéar indéantachta i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 11(2). Is iad na Ballstáit a ghabhfaidh na staidéir seo de láimh ná iad siúd a bhfuil deacracht acu le soláthar sonraí do:

(a) aonaid le níos lú ná 10 fostaithe; agus/nó

(b) na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(i) talamhaíocht, foraoiseacht agus gníomhaíochtaí iascaigh,

(ii) riarachán poiblí agus cosaint; slándáil shóisialta éigeantach,

(iii) oideachas,

(iv) sláinte an duine agus obair shóisialta,

(v) na healaíona, siamsaíocht agus áineas, agus

(vi) gníomhaíochtaí eagraíochtaí comhaltais, deisiú ríomhairí agus earraí teaghlaigh agus pearsanta agus gníomhaíochtaí seirbhíse pearsanta eile

2. Cuirfidh na Ballstáit a bhfuil staidéir indéantachta á ngabháil de láimh acu tuairisc isteach ar thorthaí na staidéar sin lastuigh de 12 mhí tar éis teacht i bhfeidhm bearta feidhmiúcháin an Choimisiúin dá dtagraítear i mír 1.

3. Urramóidh bearta arna nglacadh de bhun thorthaí na staidéar indéantachta prionsabal na héifeactúlachta costais, mar a shainítear in Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 322/97, lena n-áirítear íoslaghdú an ualaigh ar na freagróirí.

4. Le cur chun feidhme na mbeart arna nglacadh de bhun thorthaí na staidéar indéantachta féadfar sonraí a tharchur faoin gcéad ráithe de 2011.

*Airteagal 9*

**Maoiniú**

1. Don chéad trí bliana den bhailiú sonraí féadfaidh na Ballstáit ranníocaíocht a fháil ón gComhphobal le haghaidh chostas na hoibre lena mbaineann.

2. Daingneofar méid na leithreasaí atá le cionnroinnt go bliantúil le haghaidh na ranníocaíochta dá dtagraítear i mír 1 mar chuid de na nósanna imeachta buiséadacha bliantúla.

3. Deonóidh an t-údarás buiséadach na leithreasaí atá ar fáil do gach bliain.

*Airteagal 10*

**Bearta Forfheidhmithe**

Glacfar na bearta is gá le haghaidh cur chun feidhme an Rialacháin seo i gcomhréir le Airteagal 11.

*Airteagal 11*

**Coiste**

1. Beidh cúnamh le fail ag an gCoimisiún ón gCoiste Cláir Staidrimh, arna bhunú ag Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle.

2. Aon áit a dtagraítear don mhír seo, beidh feidhm ag an nós imeachta rialúcháin le scrúdán dá bhforáiltear in Airteagal 5a(1), (2), (3)agus (4) agus in Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagail 8 den chéanna.

3. Aon áit a dtagraítear don mhír seo, beidh feidhm ag an nós imeachta rialúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 5a(5), (2), (3)agus (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagail 8 den chéanna.

   Trí mhí a bheidh sa tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 5(6) de Chinneadh 1999/468/CE.

*Airteagal 12*

**Tuairisc ar chur chun feidhme**

Lastuigh de dhá bhliain ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus gach trí bliana tar éis sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo. Déanfaidh an tuarascáil seo measúnú ar cháilíocht an staidrimh arna sholáthar ag na Ballstáit agus déanfaidh sé réimsí le haghaidh feabhsúcháin a shainaithint.

*Airteagal 13*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |